Béal Beo 4 (18th – 22nd May)

## 9.3 Éist leis agus léigh an scéal

Beidh Conor agus Ciara agus a gcol ceathar, Éabha, ag dul go dtí an Ghaillimh ag an deireadh seachtaine seo chugainn. Beidh Rac agus Ról ag dul freisin. Beidh an aimsir go hálainn. Rachaidh Rac agus Ról i bhfolach sa charr.


'Cogar, cad a bheidh ar siúl againn i nGaillimh?' arsa Rac.

'Cuirfimid cultacha fliucha orainn agus rachaimid isteach san fharraige ag surfáil ar na tonnta.

Is breá liom surfáil. Beidh sibh ar bís,' arsa Ciara.

'N'fheadar,' arsa Rac agus imní air.

'B'fhéidir go bhfanfaimid ar an trá,' arsa Ról.



'Beimid ag dul ag snámh gach lá,' arsa Conor.

'An féidir libh snámh?' arsa Ciara.

'Ní féidir linn,' arsa Rac agus Ról le chéile.

'Tá snámh an éisc ag Conor,' arsa Éabha.

'Tabharfaidh mé ceacht snámha daoibh,' arsa Conor.

'N'fheadar,' arsa Rac agus Ról le chéile.

'Beimid ag dul ag iascaireacht sa tráthnóna,' arsa Ciara.

'Is féidir libh dul ag dreapadóireacht ar na carraigeacha nó ag siúl sna sléibhte. Is breá liom siúl. Beidh Mamaí ag léamh agus beidh Daidí ag éisteacht le ceol.'

Béal Beo 4 (18th – 22nd May)

Freagair na ceisteanna.

1 Cá mbeidh na páistí an deireadh seachtaine seo chugainn?
2 Cad a bheidh ar siúl ag na páistí?
3 Cad a chuirfidh siad orthu ag dul ag surfáil?
4 Cén fáth a bhfuil imní ar Rac agus Ról?
5 Cathain a bheidh Ciara ag iascaireacht?
6 Cad a bheidh ar siúl ag Mamaí?

Tasc: Tarraing an caitheamh aimsire a bhíonn agat ar an Satharn.

**2. Éist agus críochnaigh an fógra (Listen and complete the notice).**
[https://www.edcolearning.ie/Book/Page?bookId=book264&chapterId=chapter10&pageId=page167](https://www.edcolearning.ie/Book/Page?bookId=book264&chapterId=chapter10&pageId=page167)
The listening is available at this link. I will put a recording of it on Seesaw also. Listen to it at least three times.

**Fógra Snámha**

Áit: ______________________.

Lá: ______________________.

Ag tosú: ______________________.

Thart: ______________________.

Aois: ______________________.

Cad atá uait: ______________________.

Teagascóir: ______________________.

Cé mhéad: ______________________.

Áít (place), lá (day), ag tosú (starting- *answer will be a time*), thart (finished – *answer will a time),* aois (age), Cad atá uait ( what do you need), Teagascóir (tutor), Cé mhéad (how much),